# info@ncca

ag tacú le teagasc agus foghlaim



# Aonaid Idirthréimhseacha

## Daltaí idirbhliana a theagasc chun bheith ag teagasc a chéile

leathanach 14

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | AIBREÁN 2007 | Eagrán 6

**an t-eagrán seo** / Nuashonraí / Measúnú chun Foghlama / An Eolaíocht a Athbhreithniú / Teimpléid do Chártaí Tuairisce a Úsáid / An tOideachas sa tSeapáin **agus neart eile...**

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# fáilte...

**....chuig an séú heagrán de info@ ncca. Tá an samhradh chugainn agus an scoilbhliain ag druidim chun deiridh. Ag an am seo bliana is fiú dúinn smaoineamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim mar ghníomhaíochtaí fiosraithe. Tá an téama áirithe seo roghnaithe againn mar gheall ar cheisteanna a fuarthas uaibhse, ár léitheoirí, agus ar shaincheisteanna atá tugtha chun solais agaibh. Mar aisfhreagra orthu tá roinnt smaointe praiticiúla le fáil anseo, smaointe a fuaireamar ó mhúinteoirí agus atá bunaithe ar an obair leanúnach atá ar siúl againn in éineacht le scoileanna.**

Beidh sibh ag fágáil bhur bpleananna ceachta ar leataobh thart faoin am seo, agus más suim libh an cheist áirithe seo, *'Cén sórt eolais is fiúntaí?'*, beidh spéis agaibh san alt faoi phríomhscileanna i gcomhthéacs na Sraithe Sinsearaí.

Bhí ceist agaibh, *'Conas is féidir leis an measúnú tacú le daltaí i bhfoghlaim scileanna agus coincheap?'*, agus mar aisfhreagra air sin, tá roinnt smaointe anseo do cheachtanna ónár dtionscadal Measúnú chun Foghlama. Tá súil againn go mbeidh sé úsáideach. Tá an t-eolas is deireanaí le fáil ar na dréacht-Teimpléid do Chártaí Tuairisce (TCTanna) a thacaíonn le príomhoidí, le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le páistí i mbunscoileanna. Ba mhian linn go mbainfeá úsáid as na TCTanna do do thuairiscí ag deireadh na bliana agus ansin eolas a chur ar ais chugainn faoin dóigh a dtiocfadh linn iad a fheabhsú.

Tá dearcadh na ndaltaí ar an bhfoghlaim le léamh san alt faoin Modúl Idirbhliana san Oiliúnú Spórt. Cuireann múinteoir síos ar a thaithí ar an gcúrsa seo a reáchtáil agus a chur i láthair mar Aonad Idirthréimhseach agus teimpléad na CNCM in úsáid aige.

Má bhíonn tú ag smaoineamh ar *'Cén tábhacht a bhaineann le caidrimh sa phróiseas foghlama?*, beidh spéis agat san alt a chuireann síos ar lá i saol múinteora Éireannaigh in ardscoil sa tSeapáin. Cuirtear síos ar na rólanna agus ar na caidrimh speisialta idir múinteoirí agus daltaí.

In eagrán 3, gheallamar go bhfreagróimis ceisteanna a bhí agaibh maidir le, *'Conas is féidir páirtíocht níos fearr ag daltaí a chothú sa seomra ranga agus sa scoil?'*. San eagrán seo, gheobhaidh sibh smaointe le hoideachas idirchultúrtha a chur chun cinn, bunaithe ar threoirlínte na CNCM d'iar-bhunscoileanna.

San eagrán seo, táimid ag díriú ar do cheisteanna agus ar do shaincheisteanna féin mar phointe tosaigh d'fhiosrú ag múinteoirí. Más ionann an fiosrú agus an fhoghlaim, agus más ionann an fhoghlaim agus an dul chun cinn ... tá súil againn go rachaidh sibh chun cinn go mór agus an scoilbhliain ag druidim chun deiridh agus sibh ag dul ar saoire. Beimid ag súil le teacht i dteagmháil libh arís san Fhómhar.



Sarah Fitzpatrick

Sarah Fitzpatrick
Leas-Phríomhoifigeach Feidhmeannach
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# céard atá san eagrán seo


| | |
|---|---|
| Nuashonraí | 4 |
| Treoirlínte do mhúinteoirí daltaí le míchumais ghinearálta foghlama | 5 |
| Measúnú chun foghlama | 6 |
| An eolaíocht a athbhreithniú | 8 |
| Teimpléid do chartaí tuairisce a úsáid | 9 |
| Naisc á ndéanamh | 10 |
| Curaclam den scoth | 12 |
| Aonaid idirthréimhseacha | 14 |
| An t-oideachas sa tSeapáin | 16 |
| Idirchultúrachas | 18 |


## Ag tacú le teagasc agus foghlaim.....


Foilsítear **info@ncca** trí huaire sa bhliain, Meán Fómhair, Eanáir ahgus Aibreán.

Dáiltear cóipeanna ar mhúinteoirí i ngach bunscoil agus iarbhunscoil sa tír. Is féidir leaganacha leictreonacha den nuachtlitir, as Gaeilge agus as Béarla, a íoslódáil ónár láithreán gréasán ag **www.ncca.ie.** Seol ríomhphost nó litir chugainn má theastaíonn cóipeanna breise de **info@ncca** ó do scoilse.

Fáiltímid roimh ailt ó mhúinteoirí mar aon le tuairimí agus ceisteanna faoi ábhar na nuachtlitreach.



Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 6617180**
Láithreán gréasáin: **www.ncca.ie**

Post: **An tEagarthóir, info@ncca, An Chomhairle Náisiúnta, Curaclaim agus Measúnachta, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.**

# Nuashonraí

Tuarascálacha agus tionscnaimh nua

## Dearcadh na ndaltaí

Chríochnaigh an CNCM tionscadal ar na mallaibh do CIDREE (Comheagras Institiúidí um Fhorbairt agus Taighde ar an Oideachas san Eoraip). Bhain an tionscadal le prionsabail agus le cleachtais chun páirt a thabhairt do dhaltaí i bhforbairt an churaclaim. Sa tuarascáil, pléitear le páirtíocht na ndaltaí a thabhairt chun cinn, ach chomh maith leis sin tá cur síos ar chás-staidéir a rinne an CNCM agus a macasamhail d'eagrais ó chúig thír eile. Féach suíomh láithreáin CIDREE **www.cidree.org.**

## Creat don Luathfhoghlaim

Foilseofar an *Creat don Luathfhoghlaim* amach sa bhliain agus cuirfear ar fáil é do mhúinteoirí naíonán. Mar chuid dár n-obair ar an gCreat tá roinnt pháipéar forbartha againn a thugann buneolas ar an taighde agus ar na teoiricí a bhí in úsáid againn agus an Creat á chruthú. Tá dhá cheann de na páipéir sin réidh:


- luathfhoghlaim agus luathfhorbairt páistí
- peirspictíochtaí ar an ngaolmhaireacht idir an oideachas agus cúram sa luathóige

Más mian leat amharc ar na páipéir, logáil isteach ar láithreán gréasáin na CNCM agus lean na naisc chuig an gCreat don Luathfhoghlaim. Tá dhá pháipéar eile i mbun forbartha i láthair na huaire maidir leis an súgradh agus leis an measúnú sa luathóige. Amach sa bhliain a bheidh siad sin ar fáil.

## Creat don Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Ba aoibhinn linn bhur dtuairimí a chloisteáil faoin *gCreat don TFC mar chur chuige struchtúrtha i leith na TFC sa churaclam agus sa mheasúnacht* do mhúinteoirí bunscoile agus do mhúinteoirí na Sraithe Sóisearaí. Chun na críche sin, tá foirm ghairid aiseolais ar fáil ar ár láithreán, chomh maith leis an dréacht-Chreat. Táimid iontach buíoch de na múinteoirí sin a chuir aiseolas chugainn cheana féin i mbliana.

Beimid ag déanamh eagarthóireachta ar an gCreat le linn an tsamhraidh bunaithe ar bhur n-aiseolas agus foilseofar an tuarascáil ar an obair le scoileanna ag an am chéanna leis an gcreat athcheartaithe san fhómhar.




## Oideachas Idirchultúrtha

Tá cóipeanna de *Oideachas Idirchultúrtha san Iarbhunscoil – Treoirlínte do Scoileanna,* agus den dlúthdhiosca a ghabhann leis curtha chuig gach scoil. Tá cóip le fáil ag gach múinteoir i ngach scoil, mar sin bí cinnte do cheannsa a fháil.




Agus tú ag tosú ar an bpleanáil don scoilbhliain 2007/2008, amharc ar na treoirlínte le haghaidh smaointe leis an oideachas idirchultúrtha a fhí i do chuid pleanála agus teagaisc. Tá neart samplaí ar an dlúthdhiosca le cuidiú leat.

Tá na treoirlínte foilsithe ar an láithreán gréasáin, **www.ncca.ie,** i nGaeilge agus i mBéarla.

## Láithreán gréasáin ACTION

Ní amháin go bhfuil **www.ncca.ie** agus **www.curriculumonline.ie** forbartha againn, tá láithreán nua á thógáil i láthair na huaire. ACTION atá air agus is é an chuid dheireanach é dár dtacar de láithreáin ghréasáin. Is éard atá i gceist le ACTION ná Measúnú, Nuálaíocht sa Churadam agus sa Teagasc ar an Idirlíon. Beidh samplaí d'obair mhúinteoirí agus dhaltaí ar an láithreán nua agus beidh eiseamláirí den dea-chleachtas á chur i bhfeidhm sa seomra ranga le feiceáil i bhfoirm físeán, íomhánna agus ilmheán eile. Beidh acmhainní arna bhforbairt ag an CNCM ar fáil ar ACTION chomh maith, mar shampla, teimpléid do chártaí tuairisce agus an creat TFC. Is anseo a gheobhaidh tú an t-eolas is deireanaí!

## An Béarla mar Theanga Bhreise (EAL)

Foilsíodh treoirlínte do mhúinteoirí ar líne i mí Meithimh seo caite faoin mBéarla mar theanga bhreise i mbunscoileanna na hÉireann *(English as an Additional Language in Irish Primary Schools).* Ó shin táimid ag obair le scoileanna le samplaí a bhailiú d'obair mhúinteoirí agus dhaltaí agus le hábhar fótagrafach agus físe a bhailiú de ranganna faoi lán seol. Cuirfidh an t-ábhar ilmheáin seo go mór leis na treoirlínte a bheidh ar fáil ar an láithreán gréasáin ACTION a sheolfar amach anseo. Tá comhairle sna treoirlínte ar phleanáil scoile agus ranga agus ar mhodhanna teagaisc agus measúnachta. Tá buneolas ann freisin ar theangacha a ghnóthú. Foilseofar cóipeanna crua de na treoirlínte sa scoilbhliain nua agus cuirfear chuig scoileanna iad.

**Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar na tionscnaimh atá luaite anseo ach cuairt a thabhairt ar ár láithreán gréasáin www.ncca.ie**

**Seol do thuairimí ar info@ncca nó do mholtaí maidir le topaicí le cur san áireamh chuig newsletter@ncca.ie**

info@ncca

# Treoirlínte

## Do mhúinteoirí daltaí le míchumais ghinearálta foghlama

Beidh an CNCM ag cur beart chuig scoileanna roimh na laethanta saoire. Díreach i ndiaidh dóibh an t-eagrán seo de **info@ncca** a fháil, gheobhaidh siad cóipeanna de na *Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí le Míchumais Ghinearálta Foghlama.*

Tar éis an phróisis chomhairliúcháin a bhí ann i ndiaidh na dtreoirlínte dréachta a eisiú in 2002, tá idir ábhar nua agus ábhar athbhreithnithe sna *Treoirlínte*. Tá siad mar thacaíocht d'fhoghlaim agus múineadh daltaí le mion, meán, nó dian agus trom-mhíchumais ghinearálta foghlama. Cé go bhfuil riachtanais i gcoitianta ag na daltaí seo, is féidir le múinteoirí na píosaí cuí sna treoirlínte a roghnú bunaithe ar a bhfuil oiriúnach do láidreachtaí agus riachtanais foghlama phearsanta a gcuid daltaí.

Le rogha leathan a chur ar fáil, tá na treoirlínte foilsithe mar phacáiste digiteach ina bhfuil leabhrán forbhreathnaithe agus CD-ROM. Pléitear an réasúnaíocht agus an cúlra sa leabhrán agus déantar cur síos ar na catagóirí gaolmhara de riachtanais speisialta oideachasúla. Taispeántar freisin conas úsáid a bhaint as an CD-ROM agus eolas a chuardach sna treoirlínte.

Tá 29 tacar de threoirlínte don bhunoideachas agus tá 11 tacar ann don iarbhunoideachas. Is iad na réimsí curaclaim atá clúdaithe ag an mbun leibhéal do mhúinteoirí daltaí le mion, meán, nó dian agus trom-mhíchumais ghinearálta foghlama.

- cumarsáid agus teanga
- Gaeilge
- matamaitic
- oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta
- drámaíocht
- na hamharcealaíona
- ceol
- corpoideachas
- oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte.

Is iad na réimsí ábhar atá clúdaithe ag leibhéal an iarbhunoideachais do dhaltaí le mion-mhíchumais ghinearálta foghlama ná


- teanga, litríocht agus cumarsáid
- oideachas sóisialta, polaitíochta agus imshaoil
- eacnamaíocht bhaile
- eolaíocht
- oideachas reiligiúin
- corpoideachas
- oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte
- ealaíona, ceird, dearadh
- ceol
- teicneolaíochtaí
- matamaitic.

Tá réamhrá sna treoirlínte uile agus mír ar chuir chuige agus ar mhodhanna teagaisc. I mír na gcur chuige, féachtar ar an réimse de dheacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag daltaí agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo don fhoghlaim. Luaitear straitéisí a bhféadfadh múinteoirí úsáid a bhaint astu le dul i ngleic leo.

Tá réamhrá ar an CD-ROM ina fhéachtar ar na saincheisteanna ginearálta a imríonn tionchar ar fhoghlaim dhaltaí agus ar mhúineadh dhaltaí le mion-mhíchumais ghinearálta foghlama:

- pleanáil ar leibhéal na scoile, an ranga agus an duine aonair
- cumarsáid agus teanga
- measúnú
- TFC
- iompraíocht dhúshlánach a láimhseáil.

Taobh amuigh den CD-ROM, beidh na *Treoirlínte* le fáil le híoslódáil ónár láithreán gréasáin. Agus ar ndóigh cuirimid fáilte i gcónaí roimh aon aiseolas uait.



# Measúnú chun

## Ag caint ar an bhfoghlaim...

**Má éisteann tú leat féin, ar a mbíonn á rá agat sa rang, ní i gcónaí gur rud pléisiúrtha é. Is cuimhin liom go maith an rud a dúirt duine de mo chomhghleacaithe, gur ceacht tábhachtach é a fháil amach go bhfuil tú ag cur leadráin ort féin!**

Déantar cuid mhór cainte a bhaineann le bainisteoireacht ranga: meabhrú, impí, ceartú, orduithe, rabhaidh, agus treoracha faoin gcóipleabhar áirithe atá le húsáid. Is minic nach mbíonn mórán ama fágtha don chaint ar an bhfhoghlaim féin. Ach i gcás na múinteoirí a bhaineann úsáid as cur chuige mar Mheasúnú chun Foghlama, is mó cainte a dhéantar sa seomra ranga ar an bhfoghlaim. Chomh maith leis sin, tá cuid mhór acu i ndiaidh a fheiceáil go mbíonn tionchar dearfa ar na daltaí ag scileanna nua na múinteoirí agus go mbíonn siad níos spreagtha. Mar sin de, laghdaítear go mór ar an ngá a bhíonn leis an gcineál eile cainte.

Tá modhanna éagsúla ann le daltaí a choinneáil gafa leis an bpróiseas foghlama: díriú i gcónaí ar an rún foghlama, labhairt leis na daltaí faoina ndul chun cinn, na daltaí a spreagadh labhairt ar a ndul chun cinn féin agus ar dhul chun cinn dhaltaí eile agus plé a dhéanamh ar iarrachtaí ráthúla agus ar dhóigheanna le feabhsú. Sa tslí sin, is rud gníomhach é an fhoghlaim, rud a eagraíonn na daltaí féin agus ar a labhraíonn siad féin. Ní rud é níos mó a dhéanann an múinteoir ar a son ná rud a roghnaíonn siad féin a bheith páirteach ann nó gan a bheith páirteach ann.

Léiríonn an dá shampla thíos, ón tíreolaíocht agus ón bhFraincis, nach mbíonn aon trealamh speisialta ná aon mhodh teagaisc avant garde de dhíth leis an Measúnú chun Foghlama a úsáid. Ní bhíonn de dhíth ach níos mó cainte ar an bhfoghlaim agus níos lú cainte ar na rudaí eile. Is lú éisteachta leat féin a dhéanfaidh tú - agus coinneofar an leadrán ó dhoras!

### Sampla ó rang Tíreolaíochta, an chéad bhliain

**Réimse siollabais:** Gnáthóg an Duine – Próiseas agus Athrú. Dromchla an Domhain: an Screamh a Mhúnlú.
**Topaic:** Plátaí – Creathanna Talún.
**Rún Foghlama:** Gheobhaidh na daltaí tuiscint ar choincheap na bplátaí soghluaiste agus ar na rudaí a chruthaítear mar gheall ar idirghníomhú plátaí. Aithneoidh siad an tionchar a bhíonn ag creathanna talún ar dhaoine.

### Critéir ráthúlachta

Beidh daltaí in ann:

- áit agus am a tharla crith talún a lua go sonrach
- an dá phláta a bhí i gceist a ainmniú
- cur síos a dhéanamh ar an éifeacht fhoriomlán
- na heochairfhocail seo a leanas a úsáid:
    - Plátaí
    - Scála Richter
    - Seismeagraf
    - Fócas / Eipealár
    - Tonnta Turrainge
- trí chineálacha difriúla damáiste a rinneadh mar thoradh ar an gcrith talún seo a lua.

**Tasc:** Samhlaigh gur iriseoir thú ar an láthair go díreach i ndiaidh creatha talún. Scríobh tuairisc nuachta / teilifíse.

**Coinníollacha ina ndearna daltaí an tasc:**
I ndiaidh dóibh an topaic a chríochnú sa rang, tugadh an tasc do na daltaí mar obair bhaile. Iarradh orthu é a chur i láthair an ranga freisin.

### Ráiteas

Tá sampla thíos d'obair mhaith a rinne dalta mar chuid den tasc (aistrithe ón mBéarla). Agus aiseolas á thabhairt ag an múinteoir don dalta, luann sé na critéir ráthúlachta – comhlíonadh iad ar fad – agus luaitear go bhféadfaí an ceann deireanach a fhorbairt agus níos mó eolais a thabhairt.

#### CRITH TALÚN L.A.

*Bhí crith talún ann aréir i Los Angeles, S.A.M. Tá an áit ar fad ina cíor thuathail. Meastar go bhfuil an iliomad daoine marbh. Thomhais eolaithe an crith talún le seismeagraf agus deir siad gur bhain sé 6.5 amach ar an Scála Richter.*

*Tharla an crith talún nuair a bhuail an pláta Ciúin agus an pláta Meiriceánach faoina chéile, áit a bhfuil an fócas. Leathnaigh na tonnta turrainge 50 míle amach ón eipealár.*

*Dúirt finné amháin gur mhothaigh sé an chéad chreathán thart ar 11pm aréir. "Bhí na foirgnimh ag bogadh ó thaobh go taobh agus bhí daoine ag screadáil agus ag cuardach áit le dul i bhfolach inti."*

*Deir na hoifigigh éigeandála gur dócha go bhfuil na céadta marbh agus na mílte gortaithe mar gheall ar an gcrith talún. Bhí daoine ag cluiche peile i Staid an tSolais sáinnithe ansin ar feadh roinnt uaireanta a'chloig. Táthar ag leanúint leis na hiarrachtaí tarrthála inniu.*

*Tá ord tugtha ag na húdaráis an limistéar theas den chathair a thréigean mar gheall ar an damáiste mór agus ar an tuile.*

**Do thuairisceoir i Los Angeles**

### Aiseolas don dalta

- Tá an obair curtha i láthair go deas agat. Tá an teideal agus an leagan amach fóirsteanach.
- Tá cuntas réadúil scríofa agat ar an mbail a bheadh ar áit go díreach i ndiaidh creatha talún. Maith thú!
- Luaigh tú an áit agus an t-am agus d'ainmnigh tú na plátaí a bhí i gceist.
- Tá na príomhthéarmaí ar fad luaite agat agus luaigh tú ceann breise. Bulaí girsí!
- Thiocfadh leat feabhas a chur ar do chuid oibre. Sa tríú paragraf,

info@ncca

# Foghlama

thiocfadh leat cineálacha eile damáiste a lua go sonrach. Cén damáiste eile a dhéanfadh crith talún?

## Ráiteas

Is obair mhaith í seo agus mar a fheicimid, molann an múinteoir an dalta san aiseolas atá tugtha aige. Tá na critéir ráthúlachta comhlíonta ach luann an múinteoir réimse a thiocfadh leis an dalta a fheabhsú agus tugann sé leid don dalta trí cheist a chur. Leis an gcur chuige seo, cuirtear an dalta ag machnamh agus cuidíonn sé léi a bheith níos neamhspleáiche ina cuid foghlama. Seo anois machnamh an mhúinteora ar chaighdeán na hoibre seo, curtha i láthair mar thuairisc dá chomhghleacaithe:

## Tuairisc do chomhghleacaithe

- Obair an-mhaith í seo ina léirítear tuiscint mhaith ar an tasc agus ar an ábhar. Tá leibhéal ard ráthúlachta ann mar tá ceithre cinn den chúig chritéir comhlíonta ag an dalta.
- D'fhéadfadh an dalta an obair a fheabhsú trí níos mó samplaí a thabhairt den chineál damáiste a tharlaíonn mar gheall ar chrith talún.
- Baineadh úsáid as na príomhthéarmaí a leagadh amach sna critéir ráthúlachta, rud a léiríonn tuiscint mhaith ar an ábhar. Bhain an dalta úsáid as téarma breise, creathán.

## Sampla ó rang Frainicse, an chéad bhliain

**Réimse siollabais**: Scríobh Litreacha
**Topaic:** An Teach.

**Rún Foghlama:** Déanfaidh na daltaí cleachtadh ar an leagan amach agus ar an struchtúr a bhaineann le litir a scríobh i bhFraincis. Beidh foclóir in úsáid acu a bhaineann leis an teach agus léireoidh siad go bhfuil siad ábalta an aimsir láithreach a úsáid.

## Critéir ráthúlachta:

Beidh an dalta in ann:
- cur síos maith a dhéanamh ar a theach agus ar a sheomra leapa, an réimse cuí foclóra in úsáid aige
- an aimsir láithreach a úsáid mar is cuí
- a léiriú go bhfuil sé in ann aidiachtaí a láimhseáil mar is ceart
- na rialacha a taispeánadh dó maidir le struchtúr litreacha a leanúint (dáta, beannacht, ábhar na litreach agus slán).

**Tasc:** Scríobh litir chuig do chara cleite sa Fhrainc. Déan cur síos ar do theach, ar chuid de na seomraí sa teach agus ar do sheomra leapa. Ansin, cuir roinnt ceisteanna ar do chara cleite.

**Coinníollacha ina ndearna na daltaí an tasc:**
I ndiaidh dóibh an topaic 'An Teach' a chríochnú agus cleachtadh a dhéanamh ar struchtúr ceart litreacha, tugadh an tasc mar obair bhaile do na daltaí.

## Ráiteas


Ar dheis feicfidh tú sampla d'obair dhalta atá mar fhreagairt ráthúil ar an tasc, ach níl na critéir ráthúlachta uile comhlíonta. Más múinteoir Fraincise thú nó fiú mura bhfuil ach cúpla focal Fraincise agat, b'fhéidir gur mhaith leat obair an dalta a chur i gcomparáid leis na critéir a leag an múinteoir amach. Cad é a dhéarfá le cuidiú leis an dalta a chuid oibre a fheabhsú?

San aiseolas a thug an múinteoir don dalta, tá tagairt déanta ag an múinteoir do na critéir ráthúlachta, agus tá córas siombailí bunaithe aige leis na pointí áirithe teangeolaíocha a gcaithfidh an dalta dul i ngleic leo a thabhairt chun solais. Tá aiseolas don dalta sa sprioctheanga, an Fhraincis sa chás seo. Fraincis bhunúsach atá in úsáid ag an múinteoir ionas go dtuigfidh an dalta é. Is cur chuige é seo a spreagann úsáid na sprioctheanga i ngach gné de theagasc agus d'fhoghlaim na teanga.

## Aiseolas don dalta

- La présentation et la structure de la lettre sont excellentes.
- Tu utilizes bien le présent
- Les verbes et les accords des adjectifs sont corrects. Bravo!
- La construction des questions est très bonne. Bon travail!
- Il faut décrire les autres pièces de la maison.
- Plus de détails sur ta chambre!

## LA MAISON


Dublin, le 1 février
Chère Elodie,
Comment vas tu? Tu m'as demandé de décrire ma maison. C'est dans une ville Ma maison est petite, avec sept pièces. En bas, il y a un salon et une cuisine. Il n'y pas de buanderie.
En haut, il y a trois chambres, une salle de bains et un grenier Il n'y a pas de beureau.
Ma maison a un jardin et un garage. Il n'y a pas de veranda.
J'ai ma propre chambre La moquette est blanche, et les murs sont blancs. Il y a un lit, une table de chevet, un bureau avec un chaise et des étagères.
Et toi? Tu habites une petite maison? Il y a combien pièces? Tu partages ta chambre? Comment est ta chambres?
Ecris-moi et décris-moi ta maison!
Amitiés,

**OR.** Attention à l'orthographe!
**GR.** Attention à la grammaire! *Chaise,* c'est un mot féminin!
**PRÉP.** Quelle préposition après combien?

## Ráiteas

Ag tús an aiseolais, molann an múinteoir an dalta as na gnéithe ráthúla den obair. Ansin, tugann an múinteoir le fios cad iad na critéir nár comhlíonadh. Sa deireadh, díríonn an múinteoir aird ar na gnéithe teangeolaíocha a gcaithfidh an dalta dul i ngleic leo lena chuid oibre a fheabhsú.

Seo anois machnamh an mhúinteora ar chaighdeán na hoibre seo, curtha i láthair mar thuairisc dá comhghleacaithe:

## Tuairisc do mhúinteoirí

- Tá leagan amach na litreach ar fheabhas agus tá paragraif leagtha amach go sásúil.
- Tá na struchtúir ghramadaí cruinn. Níl ach mílitriú amháin ann: *beureau;* baineann na hearráidí eile le hinscne agus le líon na n-ainmfhocal. Tá foirmiú na gceisteanna cruinn agus freagraíonn na haidiachtaí go cruinn d'ainmfhocail.
- Níor comhlíonadh gach critéar ráthúlachta. Ní dhearna an dalta cur síos ar sheomraí eile sa teach. Níl mórán eolais ann ach oiread faoin seomra leapa: d'fhéadfaí é seo a fhorbairt nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil foclóir leathan foghlama aige.
- Dá mba rud é go ndearna an dalta cur síos ar an troscán eile sa seomra leapa, bheadh níos mó fianaise ann d'fhoirmeacha cruinne gramadaí agus d'aidiachtaí a bheith ag freagairt dá chéile.

## Ráiteas

Beidh an dá shampla atá ar na leathanaigh seo mar chuid de bhailiúchán samplaí ó mhúinteoirí ábhar eile sa tsraith shóisearach. Beidh an bailiúchán sin ar ár láithreán gréasáin chomh luath agus a chríochnófar an obair bhailiúcháin agus an próiseas forbartha.

Idir an dá linn, gheobhaidh tú níos mó eolais ar an Measúnú chun Foghlama ar an láithreán nó trí ríomhphost a chur chugainn: **newsletter@ncca.ie.**

# An eolaíocht a athbhreithniú

Shíl tú go raibh an leagan críochnaithe de na nótaí ceachta déanta agat. Go tobann, tá socraithe ag an CNCM athbhreithniú a dhéanamh ar an gceimic, ar an mbitheolaíocht agus ar an bhfisic. Ach ná caith do chuid nótaí sa bhosca bruscair go fóill. Ní hionann athbhreithniú agus go ndéanfar gach rud a athrú. Is próiseas é a thugann deis aird a dhíriú ar na deacrachtaí a bhíonn ag múinteoirí sa seomra ranga. Tá fócas anois ar phríomhscileanna, ar thorthaí measúnachta agus foghlama, agus tá béim ar na gnéithe is fearr de na siollabais reatha a choinneáil agus mar sin, seans maith go fóill go mbeidh tú ag tarraingt aghaidheanna sásta ar do chuid nótaí amach anseo!

Tá forbairt agus athbhreithniú ar na siollabais eolaíochta mar chuid d'Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí. Is é a bheidh i gceist ná na príomhscileanna a dhaingniú, mar is cuí, sna codanna áirithe den churaclam. Is iad na príomhscileanna ná cumarsáid, ag obair le daoine eile, éifeachtacht phearsanta, smaointeoireacht chriticе agus chruthaitheach agus próiseáil faisnéise. Beidh na rudaí seo a leanas mar chuid den phróiseas freisin:

- an chothromaíocht sa chúrsa idir an t-ábhar agus na scileanna a mheas
- na modhanna measúnachta a athbhreithniú agus béim ar leith ar bhogadh thar na scrúduithe scríofa deiridh
- an cúrsa a thabhairt cothrom le dáta agus a nuashonrú mar is gá agus mar is cuí.

Mar gheall ar an athbhreithniú, beidh deis ann scóp an phróiseas mheasúnachta a leathnú agus aitheantas a thabhairt don obair phraiticiúil a dhéanann na daltaí le linn a gcuid staidéir don Ardteist. Bhíothas ag súil ariamh go mbeadh an dara cuid den mheasúnacht le forbairt agus is é sin a bhí ar intinn nuair a scríobhadh siollabas na Bitheolaíochta, na Ceimice agus na Fisice. Mar sin, tá na siollabais sin deartha le haghaidh chomhthéacs an chur chuige phraiticiúil i leith an teagaisc agus na foghlama. Forbrófar an dara cuid den mheasúnacht, an chuid sin a mheasfaidh torthaí foghlama agus príomhscileanna nach féidir a mheasúnú trí scrúdú scríofa. Beidh an dara cuid seo ann go leanúnach síos tríd na hábhair eolaíochta, agus cuideoidh sé sin le béim na modhanna teagaisc a athrú le go mbeidh siad bunaithe ar obair phraiticiúil.

Is i dtéarmaí thorthaí foghlama a chuirfear na siollabais i láthair. Déanfar iad a shainmhíniú bunaithe ar a mbeidh daltaí in ann a dhéanamh ag deireadh aonaid staidéir agus ní ar na rudaí ba chóir a theagasc. Mar gheall air sin, cuirfear béim ar na naisc idir eolas, scileanna, meon, agus luachanna agus freagróidh siad níos fearr do shiollabas athbhreithnithe na Sraithe Sóisearaí.

Má bhíonn cur chuige fiosraitheach ann i leith an teagaisc agus na foghlama ón mbunscolaíocht suas chuig an Ardteist, cinnteofar go mbeidh leanúnachas agus dul chun cinn ann. Chomh maith leis sin gheobhaidh daltaí taithí níos fírinní ar an eolaíocht ar scoil agus forbróidh siad scileanna atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

# Teimpléid do chártaí tuairisce a úsáid

## An t-eolas atá uait

**Tá sé doiligh a chreidiúint go bhfuil téarma an tsamhraidh linn arís agus tuairiscí scoile dheireadh na bliana le déanamh. Casann rothaí an tsaoil! B'fhéidir gur léigh tú san eagrán deireanach de info@ncca go bhfuil dréacht-Teimpléid do Chártaí Tuairisce (TCTanna) á bhforbairt againn do bhunscoileanna. Léiríodh suim mhór iontu nuair a fógraíodh go bhfuil siad le híoslódáil ón láithreán gréasáin agus, mar sin, shíleamar gur mhaith leis na léitheoirí níos mó eolais ar an dóigh le teacht orthu agus lena n-úsáid. Tabhair ar aird, áfach, go bhfuil na TCTanna seo go fóill á dtriail agus más mian leat cóip chrua a fháil nach mór duit aiseolas a chur chugainn.**

Tá 6 cineál difriúla teimpléad ann le heolas a thabhairt do thuismitheoirí ag deireadh na bliana. Is é an cuspóir a bhaineann leis na teimpléid seo ná a bheith mar thacaíocht do mhúinteoirí agus iad ag tabhairt tuairiscí do thuismitheoirí ar dhul chun cinn a gcuid páistí agus ar an bhfoghlaim atá bainte amach acu. Tá roinnt scoileanna ar fud na tíre ag triail na dTCTanna i láthair na huaire sna seomraí ranga lena fháil amach

- cé chomh héasca atá na TCTanna le húsáid ag príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí
- an féidir le scoileanna na TCTanna a úsáid
- cé chomh húsáideach agus atá na TCTanna do phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí agus cén tairbhe a bhaineann leo ó thaobh na bpáistí de.


Ní fada uainn anois na laethanta saoire, nach maith an rud é! B'fhéidir gur mhaith leat amharc ar na TCTanna dréachta atá ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon ar láithreán gréasáin na CNCM. Baineann Teimpléid 1A, 2A agus 3A le ranganna naíonán agus baineann Teimpléid 1B, 2B agus 3B le rang a haon go dtí rang a sé. Tá treoir do na TCTanna ar fáil ar an láithreán freisin.

Tá trí mhír i ngach teimpléad agus tá roghanna difriúla i ngach mír le heolas a thuairisciú. Mar shampla, nuair a bhíonn tú ag tabhairt eolais ar dhul chun cinn páiste agus ar bhain sé amach i ngach gné den churaclam, b'fhéidir gur mhaith leat an t-eolas faoinar bhain an páiste amach i ngach ábhar a chur in iúl trí scála agus ráiteas a chur leis (mar a dhéantar in TCTanna 1A agus 1B). Nó b'fhéidir gurbh fhearr leat an cur chuige in 2A agus 2B, ina dtugtar eolas ar an gcuraclam trí ráitis ar réimsí foghlama níos leithne.

Sa tslí chéanna, nuair a bhítear ag tabhairt eolais ar fhorbairt shóisialta agus phearsanta páiste, is féidir graific a úsáid leis an eolas a chur in iúl ar bhealaí difriúla. Tá spás sna teimpléid uile do mholtaí a bheadh ag múinteoirí do thuismitheoirí maidir le conas is féidir leo tacú le foghlaim a gcuid páistí. Chomh maith leis sin, tugann cuid de na teimpléid deis do na páistí a dtuairimí féin a chur in iúl ar a dtuairiscí féin.

Más suim leat ceann de na TCTanna nó níos mó acu a úsáid sa seomra ranga an téarma seo, amharc orthu ar láithreán gréasáin na CNCM agus roghnaigh an teimpléad is fearr a oireann duit. Má tá tú toilteanach aiseolas a chur chuig an CNCM maidir lena úsáidí a bhíonn na TCTanna, cuirfimid chugat an líon cóipeanna crua den teimpléad atá de dhíth ort, mar aon le cóipeanna eile le cur sna taifid scoile. (Rabhadh! Má ordaíonn tú cóipeanna crua, tiocfaimid sa tóir ort leis an aiseolas a fháil!) Ní mór an t-ordú a chur chugainn roimh an **Aoine 11 Bealtaine.** Bain úsáid as an bhfoirm ordaithe ar láithreán gréasáin na CNCM. Má tá ceisteanna ar bith agat, cuir i ríomhphost iad chuig **newsletter@ncca.ie.** Beimid ag súil le scéala uait.

Bain sult as na tuairiscí!



# Naisc á nDéanamh

## Príomhscileanna a dhaingniú sa tSraith Shinsearach

'Dar liomsa, ní haon rud nua iad na príomhscileanna nó ní haon rud mór breise iad. Dar liomsa, bímid ag obair orthu an t-am ar fad, agus níl ann ach go bhfuil béim nua orthu.' **(Múinteoir, Líonra Scoileanna)**

**Ó mhí Meán Fómhair 2006 tá grúpa múinteoirí ón líonra scoileanna i mbun machnaimh ar an dóigh a bhfuil na príomhscileanna daingnithe i dteagasc acu an Bhéarla, na Gaeilge, na Fraincise, na Spáinnise, na matamaitice agus na bitheolaíochta. Bunaíodh an líonra scoileanna, an CNCM agus 20 scoil, le hoibriú ar fhorbairtí sa churaclam agus sa mheasúnacht don tsraith shinsearach. Tá an t-aiseolas ón ngrúpa príomhscileanna spéisiúil luachmhar agus is léir go n-eascraíonn tairbhe don mhúinteoir agus don dalta as am a chur ar leataobh le machnamh a dhéanamh ar an gcleachtas.**

### Príomhscileanna

Is iad an cúig phríomhscil atá aitheanta mar na príomhscileanna lárnacha sa teagasc agus san fhoghlaim i ngach réimse den churaclam ná:

- próiseáil faisnéise
- éifeachtacht phearsanta
- cumarsáid
- smaointeoireacht chritice agus chruthaitheach
- comhoibriú le daoine eile.

### Machnamh critice

Iarradh ar na múinteoirí sa ghrúpa príomhscileanna machnamh a dhéanamh sa chéad dul síos:

- ar chleachtais reatha teagaisc
- ar an dóigh a dtiocfadh leo an cúig phríomhscil a dhaingniú ina gcuid teagaisc féin
- ar na rudaí a d'athróidís faoina gcuid teagaisc d'fhonn na príomhscileanna a dhaingniú.

I ndiaidh dóibh na modhanna nua a chleachtadh, iarraidh orthu machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar oibrigh siad, an é gur oibrigh siad ar chor ar bith, agus más rud é gur oibrigh, cén fianaise a bhí air sin sa seomra ranga.

B'úsáideach an gníomh é don ghrúpa machnamh critice a dhéanamh ar a gcuid teagaisc féin agus ar dhaingniú na bpríomhscileanna. D'aithin siad nádúr an phróisis – na gnéithe maithe a aithint agus iad a fhorbairt; na gnéithe nach bhfuil chomh maith sin a aithint agus triail a bhaint as rud éigin nua. Ba chuiditheach an rud é 'céim siar a ghlacadh agus machnamh a dhéanamh' agus labhair siad ar an ngá atá ann le breathnú ar a ndéanann siad ó go leor peirspictíochtaí difriúla:

- a dtaithí féin
- dearcadh na ndaltaí
- dearcadh a gcomhghleacaithe
- foilseacháin reatha oideachasúla.

Mar gheall ar an machnamh critice, spreagadh baill an ghrúpa le modhanna nua múinteoireachta a thriail, agus ba dhearfa na torthaí a bhí ann:

*'spreagadh mé lena bheith nuálaíoch'*

*'fuair mé tuiscint nua thairis sin a shíl mé a bheith fíor cheana féin ar an dóigh a mbíonn daltaí ag foghlaim'*

*'bhí peirspictíocht úr agam ar mo chuid modhanna teagaisc'.*

### An machnamh a chleachtadh

Conas atá an machnamh ag feidhmiú i gcleachtas? Cén difear a dhéanann sé?

Dar leis na múinteoirí,

- caitheann siad níos mó ama ag pleanáil a gcuid ceachtanna, uaireanta ag ullmhú bileoga oibre nó ábhair eiseamláracha
- bíonn obair i ngrúpaí agus idirphlé ranga in úsáid níos mó
- ligeann siad do na daltaí a bheith níos freagraí as a gcuid foghlama féin
- labhraíonn siad lena gcomhghleacaithe faoina gcuid smaointe agus bíonn siad ag foghlaim uathu chomh maith.

Agus próiseas an mhachnaimh chritice á chur i bhfeidhm, ba léir don ghrúpa

- go mbíonn gá le pleanáil le haghaidh athruithe roimh theagasc, mar sin, tá níos mó am pleanála de dhíth
- go mbeadh laghdú ar an méid ábhair a bheadh le clúdach ina chuidiú ionas go bhféadfaí níos mó ama a chaitheamh sa rang ar scileanna a fhorbairt
- gur gá pleanáil go cúramach d'obair i ngrúpaí
- go mbíonn na ranganna níos sultmhaire
- gur maith le daltaí a bheith i ngrúpaí agus a bheith ag plé cúrsaí leis an rang
- go gcuireann obair i ngrúpaí agus an fhoghlaim chomhoibríoch le forbairt scileanna
- go dtagann feabhas ar chaidrimh sa seomra ranga
- go mbeadh sé níos fearr ranganna níos faide a bheith ar fáil do ghníomhaíochtaí i ngrúpaí, go háirithe i ranganna teanga.

info@ncca



## Machnamh ar an 'machnamh'

Bhí sé deacair ag roinnt múinteoirí cleachtais sheanbhunaithe a athrú ach bhí 'iontas orthu go dtagann na príomhscileanna chun cinn nuair a athraítear an struchtúr agus an mhodheolaíocht'. I gcásanna áirithe bhí leisc ar na daltaí athrú, ach i ndiaidh dóibh machnamh a dhéanamh ar an scéal, thuig múinteoirí go raibh feidhm leis na hathruithe agus go raibh na daltaí ag foghlaim:

*'Tugaim faoi deara go dtuigeann daltaí an mhatamaitic níos fearr má bhíonn orthu a mhíniú do dhalta eile conas a fuair siad an freagra. Is mó obair bheirte agus obair i ngrúpaí a bhíonn ar siúl i mo rang féin anois.'*

I ndiaidh dóibh na hathruithe a chur i bhfeidhm thar thréimhse de roinnt ranganna, rinne cuid de na múinteoirí machnamh ar a gcuid teagaisc agus thuig siad gur mó oibre a bhí ar siúl acu féin agus gur lú oibre a bhí ar siúl ag na daltaí. Ar a thuiscint sin dóibh, spreag siad na daltaí lena bheith níos freagraí as a gcuid foghlama féin. Mar shampla, in áit nótaí a scríobh amach roimh an gceacht, chuir siad an t-eolas in iúl ar bhealaí éagsúla agus theagasc siad do dhaltaí an dóigh lena gcuid nótaí féin a scríobh, rud a chuir go mór lena gcuid scileanna próiseála faisnéise. Sa chás go ndúradh leis na daltaí cén scileanna a bheadh á bhfoghlaim acu agus sa chás gur aontaigh an múinteoir agus na daltaí ar an dóigh is fearr leis na scileanna sin a fhoghlaim trí thopaic áirithe, cuireadh go mór leis na scileanna sin:

*'Is cinnte go dtarlaíonn foghlaim níos éifeachtaí má chuireann tú na príomhscileanna i bhfeidhm.'*

Mar gheall ar an tábhacht ollmhór a bhaineann le scrúduithe na hArdteistiméireachta, b'éigean múinteoirí a chur ar a suaimhneas go raibh na modhanna nua seo chun leasa a gcuid daltaí agus iad i mbun foghlama:

*'Anois is féidir le mo dhaltaí a mhíniú cén fáth a roghnaigh siad modh áirithe le dul i ngleic le fadhb sa mhatamaitic.'*

*'Tá an obair ar na príomhscileanna le feiceáil i dtorthaí na dteisteanna, tá ag éirí níos fearr leo.'*

Tá aontú idir baill an ghrúpa go bhfuil a gcuid ranganna níos sultmhaire agus go mbaineann na daltaí taitneamh as a bheith ag obair i ngrúpaí agus as an idirphlé leis an rang. Luaigh múinteoir amháin gur thuig sí, mar gheall ar an athrú a tháinig ar chaidrimh sa seomra ranga, 'go raibh sé tábhachtach meas agus dearfacht a chothú ... agus go bhfuil sé iontach tábhachtach go n-éireodh leis na daltaí agus go mbeidís muiníneach go leor lena dtuairimí féin a chur in iúl agus meancóga a dhéanamh.'

Gné thábhachtach den togra seo is ea na cruinnithe rialta idir baill an ghrúpa, áit a mbíonn deis acu labhairt lena chéile faoina gcuid smaointe agus eispéireas. Is mór le múinteoirí an tacaíocht agus an chomhthuiscint a léiríonn a gcomhghleacaithe:

*'Feicim anois an dóigh a bhfuil patrúin agus nósanna teagaisc forbartha agam thar na blianta. Déanann gach duine againn é agus glacaimid leis go n-oibríonn siad! Is iontach an rud é a bheith in ann labhairt le múinteoirí eile faoinár gcuid smaointe agus a bheith ag foghlaim óna chéile.'*

Tá obair an ghrúpa príomhscileanna ar siúl go fóill agus léifimid dearcadh na ndaltaí sa chéad eagrán eile de **info@ncca.**

Féach **www.ncca.ie/seniorcycle** le níos mó eolais a fháil ar fhorbairtí sa tsraith shinsearach.

**"B'úsáideach an gníomh é ag an ngrúpa machnamh critice a dhéanamh ar a gcuid teagaisc féin agus ar dhaingniú na bpríomhscileanna."**

# Curaclam den

Is í **May Sweeney** Comhordaitheoir Náisiúnta *A Curriculum for Excellence*, athbhreithniú ar churaclam na hAlban. Ar ndóigh, bíonn suim againne i bhforbairtí curaclaim agus measúnachta i dtíortha eile agus thapaíomar an deis roinnt ceisteanna a chur ar May nuair a bhí sí ar cuairt ar oifigí na CNCM ar na mallaibh.

**Beathaisnéis**
**May Sweeney**



Tá May bunaithe ag Ionnsachadh is Teagaisg Alba, agus tá ról lárnach aici i straitéis cumarsáide agus gníomhaíochta *A Curriculum for Excellence.* Bíonn páirt aici freisin i ngach gné d'obair na foirne náisiúnta. Tá sí ar iasacht fostaíochta ó Chomhairle Stirling. Ba é an post deireanach a bhí aici ná mar Phríomhoide in Ardscoil McLaren. Ó thosaigh sí ag teagasc sa bhliain 1975 tá réimse leathan post déanta aici lena n-áirítear Ceann ar Nuatheangacha agus poist bhainisteoireachta sinsearaí.

Le linn a saol oibre tá tréimhsí caite aici mar bhall de choistí náisiúnta agus de choistí de chuid na n-údarás áitiúil. Tá réimse leathan téamaí oideachasúla i gceist leis na coistí sin: curaclam, cáilíochtaí náisiúnta, tacaíocht do dhaltaí, cothú na sláinte agus comhdheiseanna. Sa bhliain 1999 bhí sí ar Fhoireann Gníomhaíochta Riaghaltas na h-Alba um Dhaoine Óga Eisiata.

Mar bhall den Chúirt in Ollscoil Stirling ó bhí 2001 ann, bhí sí ar roinnt coistí éagsúla. Chaith sí tréimhse ghairid ag teagasc san Aetóip agus bhí sí ar chuairteanna staidéir i gCeanada, sa tSeapáin agus san Astráil.

## Cén fáth a raibh gá le hathbhreithniú ar an gcuraclam?

Tá cúrsaí oideachais in Albain difriúil agus éagsúil ó chúrsaí oideachais i Sasana, agus bhí ariamh. Is tír bheag í Albain, ar ndóigh, agus cosúil le hÉirinn, tá brú ar leith orainn maidir le cúrsaí domhanda, sóisialacha, polaitiúla agus geilleagracha. Is é an t-oideachas an bunús is fearr le bochtanas a laghdú agus an geilleagar a fheabhsú.

Sa bhliain 2002 d'eagraigh Riaghaltas na h-Alba díospóireacht náisiúnta ar an oideachas. Léiríodh go bhfuil buanna áirithe ag baint leis an gcuraclam reatha ach, ag an am céanna, tá céatadán suntasach daoine óga ann nach bhfuil ag éirí leo de réir a mianaigh féin. Go deimhin, fágann mionlach suntasach de dhaoine óga an scoil agus ní bhíonn siad i mbun oideachais, i mbun fostaíochta ná i mbun oiliúna. NEET a thugaimid ar an ngrúpa seo, agus ar cheann de na príomhchuspóirí a bhaineann leis an athbhreithniú ar an gcuraclam tá deiseanna na ndaoine óga seo a fheabhsú.

## Cad iad na tréithe maithe den churaclam reatha agus cad iad na tréithe nach bhfuil ag obair mar ba chóir?

Léiríodh sa díospóireacht náisiúnta go bhfuil daoine sásta le solúbthacht an chórais mar atá agus nár mhaith le haon duine cur leis na tréithe saintreoracha de. Glacadh leis go raibh an caighdeán teagaisc go maith agus go raibh an réimse ábhar sa churaclam i gceart. Daingníodh go fonnmhar prionsabal an oideachais chuimsithigh ach bhí éileamh ann tríd is tríd an curaclam a laghdú agus an fhoghlaim a dhéanamh níos sultmhaire. Thuig daoine gur chóir go mbeadh níos mó leanúnachais idir na céimeanna éagsúla ó 3 bliana go 18 bliana d'aois. Aithníodh freisin an gá le daoine óga a ullmhú níos fearr don saol, don obair agus mar shaoránaigh dhomhanda.

Is é an t-aisfhreagra a bhí ag an Aire Oideachais ar na pointí seo ar fad ná gur léir go raibh cur chuige nua ann i leith oideachas scoile. Roghnaigh sí athbhreithniú ar an gcuraclam mar cheann de na príomhréimsí a ndíreofaí aird orthu. Mar sin, is é atá in *A Curriculum for Excellence,* an t-athbhreithniú ar an gcuraclam, ná aisfhreagra ar an Díospóireacht Náisiúnta a raibh an tír ar fad páirteach inti.

## Conas a ndeachaigh sibh i mbun an phróisis athbhreithnithe?

Tionóladh Bord Athbhreithnithe Curaclaim gan mhoill agus d'fhoilsigh siadsan cáipéis sa bhliain 2004, *A Curriculum for Excellence*, a d'fhormhuinigh an tAire láithreach. Leagadh amach sa cháipéis seo na luachanna, na cuspóirí agus na prionsabail oideachais do gach páiste agus do gach duine óg idir 3 bliana agus 18 bliana d'aois. D'aithin sé nár forbraíodh na codanna éagsúla den churaclam a bhí ann cheana féin le chéile agus go raibh gá ann leis na sraitheanna sin a thabhairt le chéile agus curaclam simplithe, comhleanúnach a dhéanamh ina mbeadh ardtosaíochtaí leagtha amach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil feabhas tagtha ar an gcur chuige i leith an aistrithe ón naíscolaíocht go dtí an bhunscolaíocht agus ón mbunscolaíocht go dtí an mheánscolaíocht.

# scoth

# Athbhreithniú ar churaclam na hAlban






Réimse tábhachtach eile san obair seo is ea daoine óga sa chéad bhliain agus sa dara bliain den oideachas iar-bhunscolaíochta a spreagadh. Tuigim gur aithin sibhse in Éirinn an rud céanna. Beidh orainn modhanna foghlama agus teagaisc atá thar a bheith nuálaíoch a úsáid le go mbeidh an curaclam sultmhar, dúshlánach ag na daltaí seo. Go deimhin, freagraíonn sé sin do cheann de na prionsabail dheartha de *A Curriculum for Excellence.*

Tá spéis mhór agam san Idirbhliain agaibhse agus bhí sé thar a bheith suimiúil a bheith ag éisteacht le cuid de na daltaí ón mbliain sin. Mothaím go dtig linne rud éigin a fhoghlaim bunaithe ar a ndíograis siúd i leith a gcuid eispéireas foghlama. B'fhéidir go dtiocfadh linn gnéithe áirithe den Idirbhliain a thabhairt isteach san oideachas iarbhunscolaíochta in Albain.

## Cén chéim ag a bhfuil sibh sa phróiseas athbhreithnithe agus cén ról a bhí agat féin ann?

Tá an clár oibre ag dul chun tosaigh go gasta i láthair na huaire. Bhí mise i gceannas ar an bpróiseas gníomhaíochta, is é sin le rá, eolas a scaipeadh ag an tús faoin athbhreithniú a bheith ar siúl agus faoi na luachanna, cuspóirí agus prionsabail a bhaineann leis. Is í an fhéachaint chuige atá mar chroílár an chláir ná go bhforbródh na daltaí go léir a gcuid ábaltachtaí mar fhoghlaimeoirí ráthúla, mar dhaoine aonair muiníneacha, mar shaoránaigh mhaithe agus mar dhaoine a chuireann go héifeachtach leis an bpobal. Sa chéad dul síos bhí mé ag obair in éineacht le duine amháin eile, príomhoide bunscoile a bhí ar iasacht fostaíochta. Labhraíomar leis na mílte múinteoir ar fud na hAlban faoi na pointí seo thar thréimhse bliana.

Cuireadh leis an bhfoireann gníomhaíochta thart ar 6 mí ó shin agus mar gheall air sin, tá an deis agamsa amharc ar pheirspictíochtaí idirnáisiúnta agus ar athrú ar an gcuraclam i dtíortha eile. Is é sin an fáth a bhfuil mé in Éirinn. Tá tús curtha le hobair ar thorthaí foghlama nua a cheapadh ag foireann de chleachtóirí ar iasacht, agus is dócha gurb í an eolaíocht an chéad réimse curaclaim a bheidh réidh.

Beidh an curaclam do dhaltaí idir 3 bliana agus 18 bliana d'aois bunaithe ar ocht réimse curaclaim. Is uirlis iad na réimsí seo lena chinntiú go mbeidh foghlaim ar bun i réimse leathan comhthéacsanna. Cuirfear dréacht de na torthaí foghlama don eolaíocht chuig daoine ag obair sa réimse sin agus cuirfear an t-aiseolas sin i bhfeidhm ar an gclár oibre. Is comhpháirtíocht í an clár oibre idir Riaghaltas na h-Alba, Learning and Teaching Scotland, HM Inspectorate of Education agus Ùghdarras Theisteanas na h-Alba (an t-údarás cáilíochtaí).

Bhí an lucht oideachais páirteach i ngach céim den obair agus is gné thábhachtach den phróiseas gníomhaíochta í smaointe múinteoirí a chur ar ais chuig Bord an Chláir. Leanfar den chur chuige seo go dtí go dtosófar ar na réimsí go léir den churaclam nua a chur i bhfeidhm. Tá súil leis sin i mí Lúnasa 2008.

## Cad iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí a fheiceann tú idir córais agus forbairtí in Albain agus in Éirinn?

Is tíortha beaga iad agus tá na dúshláin chéanna romhainn maidir le daoine óga a ullmhú don todhchaí domhanda agus do na hathruithe teicneolaíochta atá ag tarlú. Ní mór na scileanna nua a bheidh riachtanach a theagasc dóibh. Tá an teannas agus na dúshláin chéanna a bhaineann leis an athrú romhainn beirt agus tá oidhreacht agus luachanna i gcoitianta againn ina mbíonn béim ar leith ar an oideachas.

In Albain, áfach, níl an oiread céanna éagsúlachta de chineálacha scoileanna agus bíonn céatadán níos lú daltaí ag freastal ar scoileanna príobháideacha in Albain. Níl scoileanna aonghnéis chomh coitianta sin in Albain. Níl ach scoil stáit aonghnéis amháin ann. Is iad na hÚdaráis Oideachais a bhíonn freagrach as scoileanna in Albain. Is iadsan a fhostaíonn múinteoirí ach tá coinníollacha náisiúnta seirbhíse ann.

## Cén chomhairle atá agat do dhaoine atá ag obair san oideachas in Éirinn, scoileanna agus múinteoirí go háirithe?

Coinnígí na tréithe maithe den chóras agaibh. Tá cuma iontach spéisiúil ar na treoracha le haghaidh forbartha sa tsraith shinsearach agus sa tsraith shóisearach.

Ár macasamhail féin, beidh oraibh machnamh cruthaitheach a dhéanamh ar na heispéiris a bheidh de dhíth ar na daoine óga a bheidh mar shaoránaigh dhomhanda na 21ú haois. Thar aon rud eile, mar dhuine ar thaitin léi an fháilte mhór chroíúil a cuireadh roimpi, déarfainn libh bhur gcuid féiniúlachta Éireannaí agus bhur n-acmhainn grinn a chothú i gcónaí!

## Naisc úsáideacha

A Curriculum for Excellence:
**www.acurriculumfor excellencescotland.gov.uk**

Learning and Teaching Scotland:
**www.ltscotland.org.uk**

# Aonaid Idirthréimhseacha

## Daltaí Idirbhliana a theagasc chun bheith ag teagasc a chéile

**San eagrán deireanach de info@ncca phléamar Aonaid Idirthréimhseacha a tugadh isteach mar cheann de na codanna úra den churaclam atá i mbun forbartha faoi láthair sa tsraith shinsearach. Mholamar go dtosódh scoileanna ag amharc ar a gCláir Idirbhliana lena fheiceáil an bhféadfaí cuid ar bith de na cúrsaí nó modúil atá ann cheana féin a leasú le go dtiocfaidís leis an teimpléad d'Aonaid Idirthréimhseacha atá forbartha ag an CNCM.**

Fuaireamar cuid mhór freagraí agus ina measc bhí an t-alt seo ó Michael Carey, múinteoir i gColáiste Pobail Ghleann Maighir. Tá cur síos ann ar an leasú a rinne sé ar a mhodúl ar Chóitseáil Spórt le hAonad Idirthréimhseacha a dhéanamh de:

"Tá Modúl Idirbhliana sa Chóitseáil Spórt á reáchtáil agam le 3 bliana anuas sa roinn Corpoideachais. San am a chuaigh thart, badmantan agus cispheil an dá spórt ba mhó tóir orthu ach roghnaíodh cluichí gaelacha agus an eitpheil i mbliana agus bhí tóir mhór orthusan. Bíonn na roghanna bunaithe ar na spóirt is fearr leis na daltaí féin san Idirbhliain.

Ar an gcúrsa seo, forbraíonn daltaí Idirbhliana bunscileanna cóitseála agus ansin ligtear dóibh dul i mbun oibre le daltaí ó bhunscoileanna áitiúla ar feadh roinnt seachtainí. Mar chuid den ullmhúchán, déanann siad dianchlár ar na gnéithe praiticiúla agus teoiriciúla a bhaineann le daltaí óga a chóitseáil sna bunscileanna (an tsábháilteacht, scileanna eagrúcháin, scileanna taispeána agus cumarsáide). Mar chuid den phróiseas seo bíonn 'seisiúin chleachtaithe' acu lena gcomhdhaltaí ina rang féin sula dtéann siad ag obair leis na daltaí óga.

Le linn an mhodúil, feictear feabhas mór ar scileanna cumarsáide agus eagrúcháin agus ar chruthaitheacht na ndaltaí. Bíonn siad ag obair i ngrúpaí beaga agus is mór an tairbhe a bhaineann siad as sin. Na daltaí ar beag a dtaithí sa spórt, éiríonn go hiontach le cuid acu agus iad ag idirghníomhú le daltaí níos óige agus mar sin baineann siad sult mór as an modúl agus glacann siad páirt go fonnmhar ann. Spreagtar daltaí le linn an aonaid machnamh a dhéanamh ar na seisiúin leis na daltaí óga. Cuireann siad sonrú sna rudaí nár éirigh go rómhaith leo agus sna rudaí ar éirigh go hiontach leo, agus déanann siad a gcuid pleananna don lá dár gcionn dá réir.

Bíonn aiseolas ó na daltaí dearfach i gcónaí agus ag deireadh an mhodúil is deireanaí dúradh a leithéidí seo a leanas:

*'Ba iad na rudaí ba mhó a thaitin liom ná taithí a fháil ar ghrúpa a chóitseáil, agus scileanna éagsúla ceannaireachta agus bainisteoireachta a fhoghlaim.'*

*'Bhí deis agam oibriú le páistí, rud ba mhaith liom a dhéanamh nuair a fhágaim an scoil.'*

*'Ar dtús bhí sé deacair, ach ansin d'éirigh mé níos muiníní agus níos mó ar mo shuaimhneas agus mé i mbun cóitseála, agus thaitin sé go mór liom.'*

Is deis ar leith é seo agus bíonn ar dhaltaí constaicí áirithe a shárú agus rud beag brú a chur orthu féin. Nach gné lárnach í sin den Idirbhliain i ndeireadh an tsaoil. Tríd an tionscnamh seo, cothaítear caidreamh maith le clubanna áitiúla agus le bunscoileanna áitiúla go mór mhór. Deir siadsan gur cumhachtach é an tionchar dearfach a bhíonn ag an gcúrsa seo.

Tá trí fháth ann a bhfuil teimpléad na CNCM in úsáid agam leis an Modúl seo a leasú mar Aonad Idirthréimhseach:

- san am a chuaigh thart tá iarrtha ag múinteoirí sna scoileanna máguaird orm cur síos a dhéanamh dóibh ar an gcineál ullmhúcháin a bhíonn de dhíth ar dhaltaí Idirbhliana sula dtig leo dul ag obair le daltaí óga. Táim ábalta anois iad a chur ar an eolas faoin gcreat soiléir áirithe seo.
- bíonn múinteoirí ag teacht agus ag imeacht as scoileanna agus is am amú é má bhíonn orthu obair a rinneadh cheana féin a dhéanamh arís. Anois ós rud é go bhfuil teimpléad ann, leanfar ar aghaidh leis an eispéireas fiúntach seanbhunaithe a thabhairt do dhaltaí nuair a éirímse as an obair ar aois 26 bliain a bhaint amach nó nuair a théim amach ar shaoire mháithreachais!
- mar gheall ar theimpléad a bheith ann, is féidir an t-ábhar ar fad sa chúrsa a thabhairt le chéile le plean daingean a chruthú. Trí nótaí a dhéanamh le linn an phróisis ar fad agus tríd an gcreat a bheith ann, is furasta an t-aonad a leasú an bhliain dár gcionn."



Tá an tAonad Idirthréimhseach rófhada lena thaispeáint ar na leathanaigh seo ach seo sliocht as a léiríonn an fhormáid:

## CUR SÍOS AR AN AONAD IDIRTHRÉIMHSEACH

### Teideal an aonaid idirthréimhsigh

Cóitseáil Spórt

### Réimsí staidéir

Gnóthachtáil Phearsanta (agus naisc ann freisin le hImeachtaí agus le hObair agus an Todhchaí)

### Foramharc

San aonad idirthréimhseach seo, forbraíonn daltaí bunscileanna cóitseála agus ansin ligtear dóibh dul i mbun oibre le daltaí i mbunscoileanna áitiúla ar feadh roinnt seachtainí. Mar chuid den ullmhúchán, déanann siad dianchlár ar na gnéithe praiticiúla agus teoiriciúla a bhaineann le daltaí óga a oiliúnú sna bunscileanna. Le linn an aonaid, bíonn ar dhaltaí constaicí áirithe a shárú agus rud beag brú a chur orthu féin. Mar gheall air sin, tagann feabhas ar a gcuid scileanna cumarsáide agus eagrúcháin agus bíonn siad ag smaoineamh ar bhealach cruthaitheach. Tríd an tionscnamh seo, cothaítear caidreamh maith le clubanna áitiúla agus le bunscoileanna áitiúla go mór mhór.

### Aidhmeanna

*Is iad na haidhmeanna a bhaineann leis an aonad idirthréimhseach seo ná:*

Soláthar a dhéanamh do na foghlaimeoirí na scileanna teicniúla a bhaint amach atá riachtanach chun sraith seisiún oiliúnaithe a reáchtáil do pháistí bunscoile ar bhealach sábhailte, éifeachtach

Cuidiú le daltaí a gcumas a fhorbairt chun gníomhaíochtaí spreagúla, taitneamhacha, oiriúnacha a phleanáil do pháistí bunscoile.

Daltaí a spreagadh le hanailís chritice agus luacháil a dhéanamh ar a n-obair féin agus ar obair dhaoine eile.

Tacú le mianach ceannaireachta agus comhoibrithe daltaí.

### Torthaí Foghlama

*Nuair a bheidh an t-aonad seo curtha i gcrích ag daltaí, ba chóir go mbeidís in ann:*

1. na scileanna teicniúla agus na prionsabail a bhaineann le páistí óga a oiliúnú a liostáil.
2. na prionsabail a bhaineann le sábháilteacht agus eagrúchán agus páistí óga á n-oiliúnú a aithint.
3. anailís chritice a dhéanamh ar dhá sheisiún oiliúnaithe arna dhéanamh ag a gcomhoiliúnaí.
4. roinnt foinsí eolais ar an oiliúnú a fhiosrú.
5. a logleabhar a líonadh isteach bunaithe ar an 12 seisiún.
6. machnamh agus anailís chritice a dhéanamh ar an 12 seisiún seo.
7. 12 seisiún oiliúnaithe a phleanáil agus a reáchtáil do thrí ghrúpa éagsúla (daltaí idirbhliana, páistí bunscoile, foireann óg áitiúil).

### Modhanna Teagaisc

Beidh éagsúlacht modhanna teagaisc á gcur i bhfeidhm ionas go mbeidh daltaí ag foghlaim agus go gheobhaidh siad tuiscint ar an ábhar. Is é bunús fhoghlaim na ndaltaí san aonad seo ná taithí fhiúntach, phraiticiúil tríd an gcóitseáil féin.

- Taithí an modh teagaisc is oiriúnaí agus réamhphleanáil, cóitseáil agus machnamh mar thaca leis.
- Le modhanna teagaisc ina ndéantar tascanna mar chuid de ghrúpa, ina mbeirteanna nó go haonarach, beidh gach dalta gníomhach san eispéireas foghlama.
- Múinfear na gnéithe teoiriciúla trí éagsúlacht modhanna lena n-áirítear obair ghrúpa, plé agus cur chuige teagascach.

Mar chuid den ghné phleanála den aonad tá taighde ina gcaithfidh daltaí foghlaim neamhspleách a dhéanamh agus úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise.

### Modhanna Measúnaithe

Is é atá i gceist le **measúnú** sa mhodúl seo ná

1. Léiriú praiticiúil den chóitseáil. Modh údarásach é seo le measúnú múnlaitheach a dhéanamh. Gheobhaidh na daltaí aiseolas sonraithe, rud a chuideoidh leo a gcuid foghlama a fheabhsú.
2. Measúnú scríofa. Sa mhodh measúnaithe seo déanfar na gnéithe teoiriciúla den aonad a mheasúnú.
3. Logleabhar críochnaithe a chur isteach. (Anailís chritice ar sheisiúin, pleananna do sheisiúin agus bileoga féin-mheasúnaithe). Léiríonn an modh údarásach seo dul chun cinn san aonad, rud atá lárnach ann.
4. Cur i láthair. Gheobhaidh na daltaí deis labhairt lena gcomhghleacaithe faoi na príomhghnéithe den taithí a fuair siad agus faoina ndearcadh féin ar a gcuid gníomhartha.

# Acmhainní

### Acmhainní Fisiciúla

- Foireann cóitseála agus imreoirí ó chlubanna áitiúla
- Múinteoirí agus daltaí ó bhunscoileanna áitiúla
- Oifigigh Forbartha Áitiúla Spórt le haghaidh an spóirt/na spórt atá roghnaithe

**Ábhair**
Lámhleabhair Chóitseála agus Logleabhair le haghaidh na spórt atá roghnaithe.

- Teimpléid do Phleanáil Seisiún
- Bileoga Machnaimh
- Bileoga Anailíse Critice

## Tá láithreáin ghréasáin ann le haghaidh an chuid is mó de na spóirt.

Seo roinnt samplaí do chluichí gaelacha

www.dublingaagamesdevelopment.ie/resources/index.php

www.castleknock.net/coaching/default.asp

http://gamesdevelopment.gaa.ie/page/coach_education_resources.html

**Eitpheil**
www.volleyballireland.com/

**Cispheil**
www.basketballireland.ie/coaching/#

**Sacar**
www.fai.ie

**Badmantan**
www.badmintonireland.com/development/

Le tuilleadh eolais a fháil ar Aonaid Idirthréimhseacha a fhorbairt, déan teagmháil linn trí **newsletter@ncca.ie.**

# An tOideachas sa tSeapáin



## Ag Éirí Seapánach

**Insíonn Therese Courtney dúinn faoina taithí múinteoireachta i scoil sa tSeapáin.**



8.35 a.m. Tagann na múinteoirí le chéile le haghaidh chruinniú na maidine. Pléann siad gnó an lae agus aon fhógraí speisialta. Nó, sin a shílim atá ag dul ar aghaidh nó tá mé go fóill ag foghlaim na Seapánaise!

Bíonn 6 rang ann in aghaidh an lae agus tosaíonn an chéad cheann ar 8.45 a.m. Mothaím fada é an 50 nóiméad sin mar is beag fuinneamh a bhíonn sna daltaí chomh luath sin ar maidin. Le linn an tsosa 10 nóiméad ag deireadh gach ranga, bíonn deis agam labhairt le mo mhúinteoir Seapánaise maidir le conas a d'éirigh leis an rang.

Bíonn buntáistí agus dúshláin ag baint leis an mbuíonteagasc. Bím ag teagasc in éineacht le naonúr múinteoirí difriúla, mar sin de bíonn gach ceacht éagsúil ó na cinn eile. Bíonn cur le chéile na foirne riachtanach. Is iontach an rud é lámh chuidithe a bheith agat sa seomra ranga agus ar a laghad, bíonn deis agam labhairt le cuid de na daltaí ar bhonn aonair.

Is beag fadhb a bhíonn ann le cúrsaí iompair in Ardscoil Takashima, scoil ina bhfuil 1200 dalta idir 16 bliana agus 18 bliana d'aois. Bíonn nithe ann, áfach, a gcaithfidh tú dul i dtaithí orthu nuair a bhíonn tú ag obair agus ag maireachtáil le cultúr éagsúil: stócach ag cur ríomhphoist óna ghuthán póca, cailín ag réiteach a smididh agus í ag amharc sa scáthán, agus an rud is mó a bhfuil deacracht agam leis go fóill ná go mbíonn cead ag daltaí dul a chodladh sa rang. Níl mé iomlán cinnte an é go mbíonn siad spíonta i ndiaidh gníomhaíochtaí na gclubanna nó go bhfuil mo chuid cheachtanna leadránach...!

Bíonn an seomra foirne oscailte i gcónaí i scoileanna sa tSeapáin. Bíonn lán saoirse ag na daltaí siúl isteach agus amach astu de réir mar is gá. Ghlac sé tamall orm dul i dtaithí air sin. Chaith mé tréimhsí ag teagasc in dhá mheánscoil i mBaile Átha Cliath agus ní thiocfadh liom a shamhlú conas a bheadh cúrsaí dá dtabharfaí cead a gcinn do dhaltaí áirithe maidir leis an seomra foirne. Samhlaigh é - an t-aon tearmann mistéireach a bhíonn ag múinteoirí fágtha oscailte do dhéagóirí dána, fiosracha! É sin ráite, roimh i bhfad, thuig mé cén fáth a ndéantar a leithéid.

Sa tSeapáin bíonn an caidreamh idir múinteoirí agus daltaí an-speisialta. Is minic a bhíonn clubanna ar siúl ar 7.30 ar maidin agus i ndiaidh na ranganna bíonn seisiúin chleachtaithe ar siúl go dtí 6pm nó 7pm. Caitheann daltaí agus múinteoirí cuid mhaith ama le chéile. Tá an chuma ar an scéal gur mó atá i gceist ná an ról tréadchúraim a bhíonn ag múinteoirí i scoileanna na hÉireann. Is mó ná oideachasóir amháin ról an mhúinteora sa tSeapáin ach ní hionann le ról an tuismitheora é ach oiread. Ní laghdaítear ar an meas a bhíonn ag daltaí ar a "sensei", is cuma cé chomh mór cairdiúil a bhíonn siad lena chéile.

Deireadh na ranganna an chuid den lá is fearr liom. Caitheann daltaí agus múinteoirí 15 nóiméad ag deireadh gach lae ag glanadh na scoile le chéile. Bíonn a dhualgas áirithe féin ar gach duine, ach as siocair go mbíonn páirt ag gach duine sa ghlantachán, is beag bruscair a chaitear thart faoin áit i rith an lae. Is coincheap fíormhaith é, agus is léir go bhfuil sé éifeachtach nó tá an tSeapáin ar cheann de na tíortha is glaine dá raibh mé riamh iontu. Seachas sin, bíonn deis agam labhairt leis na daltaí taobh amuigh den seomra ranga.

Am glantacháin, gníomhaíochtaí na gclubanna, sosanna idir ranganna, mo thuras isteach chun na hoibre ar rothar: is iad sin na hamanna is mó a mbíonn faill agam labhairt i gceart leis na daltaí. Cuairt ag am lóin ag Kazuyo orm, Ryoma a bheannaíonn dom go cairdiúil, spraíúil, an fhoireann liathróide láimhe ag déanamh rince céile le m'athair ar an traein. Is fada óna chéile iad, ach macasamhail mo dhaltaí Éireannacha, cuireann mo dhaltaí Seapánacha ag gáire mé.

## An Córas

### Fíricí agus figiúirí ón INCA

#### Leibhéal náisiúnta

Tá an t-oideachas iontach tábhachtach i sochaí na Seapáine. Is é croí-chuspóir an oideachais ná saoránaigh a thógáil atá in ann a gcuid féin a shaothrú agus iad a bheith mar chuid de stát agus de phobal síochanta, daonlathach ina bhfuil meas ar luachanna daonna. I measc na bpríomhthréithe den chóras oideachais sa tSeapáin, tá comhionannas rochtana, oideachas agus comhoideachas éigeantach naoi mbliana.

## Céimeanna oideachasúla

Is iad an ceithre phríomhchéim i gcóras oideachais na Seapáine ná:
**Réamhéigeantach (kindergarten)** (3-6 bliana)
**Bunscoil** (6 bliana – 12 bhliain)
**Bun-Mheánscoil** (12-15 bliana)
**Ard-Mheánscoil** (15 bliana – 18+ mbliana).

## Eagrú na ranganna

Bíonn meascán de dhaltaí a bhfuil cumais éagsúla acu sna ranganna céanna; bíonn daltaí ar chumas níos lú sa rang céanna le dalta ar ardchumas. Mar gheall ar an mbuíonteagasc, a tugadh isteach ar na mallaibh, bíonn sé níos éasca daltaí a bhfuil éagsúlacht ábaltachtaí acu a theagasc, go háirithe sa mhatamaitic, san eolaíocht agus sa Bhéarla. Is lú béime anois a chuirtear ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhar agus cuirtear béim níos mó ar theanga iasachta a fhoghlaim (an Béarla is inmhianaithe) agus ní bhíonn an scoil ann ar an Satharn!

## An curaclam

Tá treoirlínte sa Churaclam Náisiúnta maidir leis na cuspóirí agus leis an ábhar caighdeánach do gach ábhar scoile do gach ceann den cheithre leibhéal scoile. Is amhlaidh go ndearbhaítear leis na treoirlínte curaclaim go mbíonn gach dalta Seapánach ag obair i dtreo spriocanna coiteanna, agus go fóill féin is féidir le gach scoil a curaclam féin a eagrú de réir na dtreoirlínte.

# Cad é a fhoghlaimíonn daltaí ag gach leibhéal?

## Réamhéigeantach (kindergarten)

Ag an leibhéal seo, cuirtear béim ar an bhfoghlaim tríd an spraoi agus tríd an súgradh. Tá an curaclam bunaithe ar chúig ghné atá gaolmhar lena chéile: sláinte, caidrimh dhaonna, an t-imshaol, teanga agus cur in iúl. Múintear na luathchéimeanna den léitheoireacht agus den uimhríocht agus den oideachas morálta do dhaltaí agus iad curtha in oiriúint don aois seo acu.

## Bunscoil (6 bliana – 12 bhliain)

Tá trí shraith sa churaclam bunscoile: ábhair éigeantacha, staidéir chomhtháite agus cúrsaí toghthacha. Is iad na hábhair éigeantacha ná Seapánais, uimhríocht, staidéar sóisialach, eolaíocht, oideachas morálta, ceol, oideachas morálta tríd na healaíona agus an lámhcheardaíocht, corpoideachas agus sláinte, tíos agus gníomhaíochtaí ginearálta scoile. Áirítear le gníomhaíochtaí ginearálta scoile tionóil, imeachtaí na gclubanna, seirbhísí deonacha agus glanadh na scoile ag deireadh gach lae.

Díríonn an teagasc agus an fhoghlaim ar na bun-nithe atá riachtanach don ghnáthshaol mar léitheoireacht, scríbhneoireacht agus uimhríocht. Tá suas le trian den churaclam comhdhéanta d'ábhair neamhacadúla agus glactar leo mar chuid lárnach d'oideachas an duine ina iomlán.

## Bun-mheánscoil (12 bhliain – 15 bliana)

Sna bun-mheánscoileanna, is éard is cuspóir leis an gcuraclam ná cuidiú le daltaí na bunscileanna agus na bunchumais a ghnóthú atá riachtanach don ghnáthshaol. Déanann daltaí staidéar ar ábhair éigeantacha atá cosúil leo siúd ag an gcéim bhunscoile. Tugtar níos mó ábhar toghthach isteach, áfach, chun indibhidiúlacht na ndaltaí a fhorbairt agus lena spreagadh le bheith neamhspleách. Mar shampla, áirítear le staidéir chomhtháite obair ar thionscadail ar thopaicí neamhthraidisiúnta amhail na meáin chumarsáide, teicneolaíocht faisnéise agus an t-imshaol. Bíonn ar dhaltaí teanga iasachta a fhoghlaim, an Béarla is inmhianaithe.

## Ard-mheánscoileanna (iaréigeantach) (15 bliana – 18 bliana)

Sna hard-mheánscoileanna, is féidir le daltaí roghnú idir cineálacha difriúla scoileanna: ard-mheánscoileanna acadúla ginearálta, coláistí teicneolaíochta, scoileanna sainoiliúna agus scoileanna éagsúlachta. Téann daltaí ar aghaidh trí chreidiúintí a fháil as cúrsaí a chríochnú.

Is mó neamhspleáchais a bhíonn ag scoileanna in ard-mheánscoileanna ach go fóill féin bíonn orthu an curaclam reachtúil a theagasc agus dhá rang de ghníomhaíochtaí ginearálta scoile a sholáthar in aghaidh na seachtaine. Is féidir le daltaí cúrsaí ard-mheánscolaíochta a dhéanamh go lánaimseartha, go páirtaimseartha nó trí chomhfhreagras.

## Measúnacht agus dearbhúchán

Níl aon chóras seachtrach scrúdaithe sa tSeapáin. Ag deireadh an oideachais iaréigeantaigh, faigheann daltaí Teastas Céimithe. Bíonn an teastas seo de dhíth le dul ar aghaidh chuig an mbreisoideachas ach ní hionann é agus a chinntiú go bhfaighfear áit ar chúrsa nó is féidir le hinstitiúidí oideachais a gcuid nósanna imeachta iontrála féin a cheapadh.

## Scoileanna dianteagaisc

Macasamhail chórais oideachais eile sa domhan forbartha, tá cultúr an dianteagaisc sa tSeapáin freisin. Freastlaíonn céatadán mór de dhaltaí as ardscoileanna sóisearacha agus as ardscoileanna sinsearacha ar scoileanna dianteagaisc ar a dtugtar 'Juku'. Reáchtáltar iad i ndiaidh am scoile ar feadh suas go trí huaire a'chloig trí oíche sa tseachtain. Daltaí ar theip orthu áit a fháil in ollscoileanna i ndiaidh dóibh freastal ar Juku, téann siad ar aghaidh chuig 'Yobiko'. Is scoil dianteagaisc í an Yobiko a dhíríonn go sonrach ar dhaltaí a ullmhú d'iontráil in ollscoileanna. I gcásanna áirithe, bíonn an Yobiko ceangailte le hollscoil áirithe. Glacann sé dhá nó trí bliana ar dhaltaí áirithe áit a fháil in ollscoil.

Tá níos mó eolais ar chóras oideachais na Seapáine ar **www.inca.org.uk**



# Idirchultúrachas

## Fáilte a chur roimh dhaltaí nua sa seomra ranga iar-bhunoideachais

Thuigeamar riamh an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí nua inár scoileanna agus inár seomraí ranga agus táimid á déanamh go nádúrtha leis na blianta fada. Bíonn go leor múinteoirí buartha, áfach, maidir leis an dóigh is fearr le fáilte a chur roimh dhaltaí ó ghrúpaí eitneacha mionlaigh agus iad a spreagadh lena bheith páirteach sa rang, go háirithe más rud é nach bhfuil an teanga teagaisc ag an dalta (Béarla nó Gaeilge de ghnáth).

Tá cuidiú ar fáil anois do mhúinteoirí a bhfuil na deacrachtaí sin rompu. Tá cur síos sna treoirlínte a dáileadh ar na mallaibh, *'Oideachas Idirchultúrtha san Iarbhunscoil'*, ar roinnt dóigheanna le timpeallacht chothaitheach a chruthú! (tá sé sin fíorthábhachtach le go mbeidh daltaí nua páirteach sa rang):

- Cuir na daltaí nua in aithne dá gcomhghleacaithe ar bhealach dearfa agus dírigh ar a gcuid ábaltachtaí, *('Tá Cróitis ón gcliabhán ag Goran, agus tá roinnt Gaeilge aige freisin') seachas ar a gcuid riachtanas ('Níl mórán Gaeilge ag Goran').*
- Sa chéad cúpla lá cuir deiseanna struchtúrtha ar fáil do dhaltaí nua oibriú leis na daltaí eile. Ag brath ar chúrsaí teanga, is féidir obair bheirte nó gníomhaíochtaí do ghrúpaí a dhéanamh i bhformhór na ranganna. Sa chás nach bhfuil teanga labhartha i gcoiteann ag na daltaí, bíonn gníomhaíochtaí ealaíne, ceoil agus drámaíochta iontach fóirsteanach.
- Más féidir, cuir na daltaí atá ag foghlaim Gaeilge/Béarla ina suí in aice le duine a bhfuil a dteanga dúchais aige sa chéad chúpla seachtain. Mura bhfuil duine ar bith a labhraíonn a dteanga dhúchais sa rang, b'fhéidir go mbeadh duine éigin eile de phobal na scoile ann (dalta eile, mar shampla) a labhródh ina dteanga dhúchais leo ag am sosa nó ag am lóin. Is fearr deireadh an chur leis na socruithe sin i ndiaidh tamall de sheachtainí lena chinntiú go mbíonn deis ag an dalta nua aithne a chur ar a chomhghleacaithe sa rang.
- Cuir córais i bhfeidhm sa rang atá soiléir, intuigthe agus ar féidir leis an dalta nua iad a fhoghlaim agus a thuiscint. Sa dóigh sin beidh deis níos fearr ag an dalta nach bhfuil taithí aige ar chóras oideachais na hÉireann, nó atá ag foghlaim na teanga teagaisc mar dhara teanga, teacht isteach ar an bhfoghlaim agus ar an tuiscint. Má bhíonn gnáthaimh aitheanta ann, beidh daltaí in ann a fhoghlaim faoin dóigh a n-oibríonn an córas scolaíochta.
- Tabhair tacaíocht do na daltaí uile pobal uilechuimsitheach a fhorbairt sa seomra ranga (seachas pobal ina mbíonn an múinteoir ag feidhmiú mar phóilín leis an leatrom a chosc). Aithin na dóigheanna ar féidir le daltaí an muintearas a chothú agus a bheith ar a gcompord lena chéile. B'fhéidir go n-aontódh na daltaí straitéisí a úsáidfidh siad féin lena chinntiú nach bhfágtar duine ar bith sa rang ar an imeall.



**SEICLIOSTA: CÉN t-EOLAS BA CHÓIR A BHEITH AG AN MÚINTEOIR NUAIR A THAGANN DALTA NUA ISTEACH SA RANG?**

- ✓ Conas a deirtear ainm an dalta agus a thuismitheoirí i gceart?
- ✓ Cad iad na teangacha atá ag an dalta, agus cén leibhéal atá bainte amach aige sna teangacha sin?
- ✓ Cad iad na bun-abairtí i dteanga dhúchais an dalta? Mar shampla, conas a bheannaítear de dhuine ag rá "le do thoil", "go raibh maith agat", "an seal agatsa atá ann", "stop", "maith thú", "iontach maith", srl.
- ✓ An bhfuil ábhair ann nach mbeidh ar siúl ag an dalta agus cad é a bheidh ar siúl aige ag na hamanna sin?
- ✓ An bhfuil cleachtais chultúrtha ann a bheadh mar chonstaic do chaidrimh sa rang? An bhfuil gníomhartha áirithe ann atá drochbhéasach nó mí-oiriúnach i gcultúr dúchais an dalta ach atá coitianta ag an ngrúpa móraimh eitneach, nó vice versa? (Mar shampla, i gcultúir áirithe, tá sé drochbhéasach bos láimhe nó bonn na gcos a thaispeáint do dhuine eile. I gcultúir áirithe na hAfraice, tá sé drochbhéasach ag páiste amharc isteach sna súile ar dhuine fásta. I gcultúr an Lucht Siúil bíonn páistí ag caint go hoscailte agus go díreach le daoine fásta agus meastar an cineál sin iompair a bheith drochbhéasach i scoileanna in amanna. Má sheasann tú gar do dhuine, meastar é a bheith drochbhéasach i gcultúir áirithe agus ní i gcultúir eile.) Conas a dhéantar cultúr na scoile a theagasc don dalta nua?
- ✓ Cad é an creideamh atá ag an dalta, conas a chleachtaítear é, agus an bhfuil impleachtaí aige sin do phleanáil sa seomra ranga?
- ✓ An mbeidh riachtanais ar leith ag an dalta maidir le bia, seodra nó éadaí? (Mar shampla, an réimse bianna a bhíonn ar fáil i mbialann na scoile, mana na scoile ar an éide scoile).

Tá na pointí seo thuas mar aon le heolas sonraithe agus leideanna praiticiúla ar fáil sna treoirlínte um *Oideachas Idirchultúrtha san Iarbhunscoil.* Cuireadh cóip de na treoirlínte (agus an dlúthdhiosca a ghabhann leis freisin) chuig gach múinteoir i do scoil ar na mallaibh. Cuir scéala chugainn mura bhfuair tú do cheannsa **(newsletter@ncca.ie)** agus/nó más mian leat aon tuairim a nochtadh maidir leis an bhfoilseachán sin.